Comóradh Searmanach Dhomhnach Cásca an Stáit ag Ard-Oifig an Phoist agus an Pharáid i mBaile Átha Cliath

27ú Márta, 2016

Bhí an tUachtarán Mícheál D. Ó hUiginn i láthair ag an ócáid seo, Príomh-Chomóradh Searmanach agus Paráid Dhomhnach Cásca an Stáit chun aitheantas a thabhairt do chomóradh céad bliain Éirí Amach 1916. Cuireadh tús leis an searmanas le léamh Fhorógra 1916, a rinneadh faoi Phóirseáid Ard-Oifig an Phoist. Ansin, leag an tUachtarán bláthfhleasc thar cheann mhuintir na hÉireann, agus bhí nóiméad ciúnais ina dhiaidh sin. Ardaíodh An Bratach Náisiúnta ar bharr Ard-Oifig an Phoist agus críochnaíodh an searmanas le seinm Amhrán na bhFiann agus an tAerchór ag tareitilt.

Chuaigh an Pharáid chun cinn tar éis an tsearmanais fhleascleagain agus áirithe ar na rannpháirtithe bhí Óglaigh a hÉireann le paráid iomlán míleata ina raibh eilimint síochánaíochta de chuid na NA mar aon le hionadaithe ón nGarda Síochána agus ó Sheirbhísí Éigeandála Stáit eile.

Reáchtáladh an Searmanas Stáit ag Ard-Oifig an Phoist ar Shráid Uí Chonaill.

Thosaigh an Pharáid ar Faiche Stiabhna agus ghluais sí trí Shráid Cuffe, Sráid Chaoimhín, Sráid Phádraig, Sráid Thomáis, Sráid na Parlaiminte , Sráid an Dáma, Sráid Westmoreland, thar Ard-Oifig an Phoist ar Shráid Uí Chonaill, Sráid Fhreidric Thuaidh, Sráid Dorset agus chríochnaigh sí ar Shráid Bolton.

Ba í sin príomhimeacht poiblí Dhomhnach Cásca, ach bhí srianta áirithe i bhfeidhm ar mhaithe le sábháilteacht phoiblí.

Fuair 5,000 duine, a bhí gaolmhar leo sin a bhí cláraithe ar bhunachar sonraí na Roinne Cosanta mar rannpháirtithe in Éirí Amach 1916, cuireadh chuig paráid Dhomhnach Cásca. Eisíodh 1,000 cuireadh eile chuig na catagóirí seo a leanas - ionadaithe tofa (Teachtaí Dála, Seanadóirí, Feisirí Eorpacha), Ionadaithe ó Thuaisceart Éireann, na Breithiúna, an Cór Taidhleoireachta, an Chomhairle Stáit, An Sainghrúpa Comhairleach do na Cuimhneacháin Chéad Bliain, na hÚdaráis Áitiúla, Eagraíochtaí Creidimh, Pearsanra Sinsir Óglaigh na hÉireann (Eagraíochtaí Iarshaighdiúirí san áireamh), An Garda Síochána, an tSeirbhís Phoiblí, Ionadaithe Oibrithe agus Fostóirí, na Meáin, Lucht Gnó Bhaile Átha Cliath, daoine idirnáisiúnta a fuair cuireadh (daoine a bhfuil dlúthcheangal acu le hÉirinn), Eagraíochtaí Spóirt agus Cultúrtha agus daoine eile as réimsí éagsúla de shaol na hÉireann.

Bhí scáileáin mhóra féachana poiblí lonnaithe feadh bhealach na Paráide. Craoladh an ócáid beo ar RTÉ One, RTÉ Radio 1, RTÉ News Now, RTÉ.ie agus RTÉ Player.

Lena chois sin cuireadh scáileáin mhóra féachana ar fáil do na sluaite breise a bhí ag Faiche Stiabhna, Cearnóg Mhuirfean, Coláiste na Tríonóide, Óstaí an Rí (An Chloch Leathan) agus Margadh na Feirme.

Tá fáil anseo ar an mbróisiúr do Chomóradh Dhomhnach Cásca agus tá cóip chrua den bhróisiúr le fáil ach teagmháil a dhéanamh le protocol@taoiseach.gov.ie.